Clár Samhraidh ón mBaile 2026

Eolas do thuismitheoirí

Tá sé mar aidhm ag an gClár Samhraidh ón mBaile tacú le riachtanais oideachais agus/nó cúraim leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu le linn an tSamhraidh.

Cé atá incháilithe?

Leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus nach bhfuil an Clár Samhraidh Scoilbhunaithe á reáchtáil ina scoil acu nó nach bhfuil áit ar fáil ar chlár scoilbhunaithe nó malartach.

Maoiniú

Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Óige maoiniú ar fáil:

Teagascóir nó CRS a fhostú:

- Ar feadh uasmhéid de **10 n-uair** an chloig teagaisc nó tacaíochta cúraim **in aghaidh na seachtaine.**
- Ar fáil ar feadh suas le 4 seachtaine i mí an Mheithimh, i mí Iúil nó i mí Lúnasa.
- Ní mór é a dhéanamh aghaidh ar aghaidh.

Roghanna teagaisc:

- Aghaidh ar aghaidh nó i suíomh grúpa.
- Má roghnaíonn tuismitheoirí suíomh grúpa beag (suas le triúr leanaí), beidh maoiniú breise ar fáil le haghaidh breis uaireanta.
- Éascaíonn an roinn grúpaí de cheathrar leanaí nó níos mó freisin.

Na chéad chéimeanna eile

1 Déan teagmháil leis an scoil

Ba cheart do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh le scoil a linbh chun incháilitheacht a fhiosrú.

2 Clárú

Má tá do leanbh incháilithe, cláróidh an scoil iad ar an Tairseach Cheadaithe ar Líne.

3 Ríomhphost Deimhnithe

Gheobhaidh tuismitheoirí ríomhphost ina ndeimhneofar incháilitheacht a linbh.

4 Fostaigh Seirbhísí

Is féidir le tuismitheoirí múinteoir a fhostú le haghaidh teagaisc_nó nó CRS a fhostú le haghaidh tacaíocht chúraim.

CRS/teagascóir a aimsiú

Is féidir le tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh lena scoil nó le grúpa abhcóideachta míchumais. Ina theannta sin, is féidir le tuismitheoirí fógraíocht a dhéanamh.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar: **gov.ie/summerprogramme**

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth